Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 19

# Oifig an Ombudsman

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas faoi iamh den tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 ar na tuarastail agus na speansais a thabhaigh Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €1.874 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Stiúrthóir. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí chomhroinnte a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí roinnte don Oifig seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta, iniúchadh inmheánach agus bainistíocht riosca:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta a theastaíonn uathu, i measc nithe eile. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha.
- Córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Tá crua-earraí agus bog-earraí nua-aimseartha deisce ríomhaire i bhfeidhm ag an Oifig atá ar fáil don fhoireann ar fad. Tá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cúltaca agus balla dóiteáin I bhfeidhm freisin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras TFC oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadal.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ann ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an Oifig leis na treoirlínte, cé is moite de chonradh amháin dar luach €27,670 a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002. Mar sin féin, baineann an cás sin le cás ina raibh an conradh le haghaidh seirbhísí glantacháin ar conradh i bhfeidhm cheana féin. Bronnadh an conradh sin tar éis próisis iomaíocha tairisceana, ach b’amhlaidh go ndeachaigh an conradh as feidhm i mí Aibreáin 2018. Ós rud é go raibh an léas ar ár bhfoirgneamh le dul as feidhm i mí na Nollag 2019, rinneadh an cinneadh an conradh a fhadú chuig an dáta sin faoi na téarmaí agus coinníollacha céanna agus próiseas tairisceana nua a sheoladh don fhoirgneamh nua ag an am cuí.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig lena mbaineann pearsanra ag a bhfuil an oiliúint chuí. Oibríonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí faoi chairt a formheasadh sa bhliain 2016. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Is é aidhm na bpleananna sin na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Oifig córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Oifig. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Lucht Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus leagtar freagracht ann ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Foireann Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann sí eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2018 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

**Liam Duffy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

29 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 19 Oifig an Ombudsman

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le hOifig an Ombudsman agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

# Vóta 19 Oifig an Ombudsman

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| A | Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 6,327 | 5,496 | 5,109 |
| B | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí | 2,073 | 1,610 | 1,500 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 3,197 | 2,623 | 2,311 |
| | **Ollchaiteachas** | **11,597** | **9,729** | **8,920** |
| | *Bain as* | | | |
| **D** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **420** | **426** | **414** |
| | **Glanchaiteachas** | **11,177** | **9,303** | **8,506** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid fheidhmithe faoi dhliteanas a thabhairt suas don Státchiste.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,874,057** | **2,029,395** |

**Liam Duffy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

29 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 7,327 | 6,675 |
| Neamhphá | | 2,402 | 2,245 |
| **Ollchaiteachas** | | **9,729** | **8,920** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **426** | **414** |
| **Glanchaiteachas** | | **9,303** | **8,506** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (490) | | |
| Dímheas | 533 | | |
| | | 43 | (208) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (62) | | |
| Méadú ar stoc | (1) | | |
| | | (63) | 10 |
| **Caiteachas díreach** | | **9,283** | **8,308** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,475 | 2,329 |
| **Costas chláir glan** | | **11,758** | **10,637** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 19 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 23 | 23 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,287 | 1,137 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,153 | 1,155 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 12 | 14 |
| | **2,475** | **2,329** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,021** | **1,064** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 294 | 552 |
| Stoic | | 12 | 11 |
| Réamhíocaíochtaí | | 133 | 102 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 40 | 51 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.5 | 37 | (280) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **516** | **436** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 48 | 79 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.4 | 371 | 323 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **419** | **402** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 97 | 34 |
| **Glansócmhainní** | | **1,118** | **1,098** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **1,118** | **1,098** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,098 | 884 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 11,177 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,874) | | |
| Vóta glan | | | 9,303 | 8,506 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 2,475 | 2,329 |
| Coigeartú sócmhainne – neamh-airgid tirim | | | — | 16 |
| Costas chláir glan | 1 | | (11,758) | (10,637) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,118** | **1,098** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt [a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 1,877 | 133 | 437 | 175 | 2,622 |
| Breiseanna | 412 | 4 | — | 74 | 490 |
| Diúscairtí | (2) | (24) | (1) | — | (27) |
| A tugadh chun úsáide | 228 | — | — | (228) | — |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 2,515 | 113 | 436 | 21 | 3,085 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 1,023 | 114 | 421 | — | 1,558 |
| Dímheas don bhliain | 523 | 7 | 3 | — | 533 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (2) | (24) | (1) | — | (27) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 1,544 | 97 | 423 | — | 2,064 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **971** | **16** | **13** | **21** | **1,021** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 854 | 19 | 16 | 175 | 1,064 |

Nóta [a] Táthar ag déanamh mórinfheistíocht leanúnach i mbonneagar TF, lena n-áirítear sna nithe seo a leanas:
Cuireadh tús le Céim I den Chóras Bainistíochta Cásanna chun freastal ar Oifig an Ombudsman in 2018. Táthar ag súil go gcuideoidh an córas le tréchur agus cáilíocht níos fearr a bhaint as cásobair chomh maith le seirbhís níos fearr dár gcustaiméirí. Tá Céim II den Chóras Bainistíochta Cásanna, a dhéanfaidh bainistiú ar dhoiciméid, ar phróisis, ar shreabhadh oibre agus ar riachtanais tuairiscithe do chásanna a bhaineann le hOifig na gCoimisinéirí Faisnéise agus an Coimisiún um Fhaisnéis Comhshaoil, le tosú i 2019.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 287 | 549 |
| Iarmhéid cuntas bainc eile | 7 | 3 |
| | **294** | **552** |

## 2.4 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 117 | 151 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 58 | 68 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 15 | 32 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 22 | 28 |
| | 212 | 279 |
| Asbhaintí párolla atá á gcoimeád ar fionraí | 29 | 39 |
| Míreanna sochair eile: fionraí | 130 | 5 |
| | **371** | **323** |

## 2.5 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,874 | 2,029 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (1,911) | (1,749) |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | **(37)** | **280** |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 294 | 552 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 40 | 51 |
| | 334 | 603 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (212) | (279) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (159) | (44) |
| | (371) | (323) |
| | **(37)** | **280** |

## 2.6 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 322 | 99 |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Analís chaiteachais riaracháin

Leithroinneadh caiteachas riaracháin ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána chlár a chur i láthair.

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 8,693 | 7,327 | 6,675 |
| ii | Taisteal agus cothú | 53 | 57 | 50 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 354 | 393 | 357 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 39 | 40 | 39 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 452 | 816 | 761 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 129 | 107 | 114 |
| vii | Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 1,217 | 314 | 409 |
| viii | Táillí dlí | 650 | 675 | 515 |
| ix | An Coimisiún Reifrinn | 10 | — | — |
| | | **11,597** | **9,729** | **8,920** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach ann na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus +/- €100,000).

*i* *Tuarastal, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin*:* €8.693 million, toradh: €7.327 million

Tháinig an tearc-chaiteachas €1.366 milliún chun cinn mar thoradh ar easnamh sa líon ball foirne ar seirbhís agus mar thoradh ar mhoilleanna ar fholúntais a líonadh. B'ionann agus 122 bhall foirne an meánlíon ball foirne sa bhliain I gcomparáid le líon foirne de 136 bhall foirne. De bhreis air sin, d'éirigh 10% den fhoireann as an Oifig sa bhliain 2018 agus cruthaíodh coigiltí breise mar thoradh ar an tréimhse ama iarmhartach a bhí ann idir teacht chun cinn na bhfolúntas agus líonadh na bhfolúntas.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF*

Soláthar mheastacháin: €452,000, toradh: €816,000

Tháinig an róchaiteachas €364,000 chun cinn toisc gur cuireadh siar na tionscadail sin ina raibh sé riachtanach crua-earraí agus ceadúnais a fháil chun leanúnachas gnó a choinneáil ar bun. Maoiníodh é sin ó choigiltí ar fho-mhírcheann vii - Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an t-aistriú cistí sin.

*vii* *Seirbhísí comhairleachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais*

Soláthar mheastacháin: €1.217 milliún, toradh: €314,000

Tháinig an tearc-chaiteachas €903,000 chun cinn toisc gur athraíodh ord tionscadail a chur Céim II den Tionscadal Bainistíochta Cásanna siar go dtí 2019 chun go bhféadfaí obair ar leanúnachas gnó agus ar uasghráduithe eile tionscadail. Bhí moilleanna ann ar roinnt tionscadail eile freisin mar thoradh ar an easpa fála ar acmhainní TF agus déanfar na tionscadail sin i 2019.

### Clár A Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 5,189 | 4,579 | 4,213 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,138 | 917 | 896 |
| | | **6,327** | **5,496** | **5,109** |

### Clár B An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 1,347 | 988 | 917 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 726 | 622 | 583 |
| | | **2,073** | **1,610** | **1,500** |

### Clár C Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | 2,157 | 1,760 | 1,545 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 1,040 | 863 | 766 |
| | | **3,197** | **2,623** | **2,311** |

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Ilghnéitheach | 20 | 17 | 129 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 330 | 322 | 285 |
| 3 | Fíneálacha Íocaíochta Seasta faoi alt 21 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 | 70 | 87 | — |
| | | 420 | 426 | 414 |

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Stáchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Bailithe | 3 | 40 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (3) | (40) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | — | — |

## Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

### 5.1 Líon fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **125** | **120** |

### 5.2 Pá

| | 2018<br>€000 | 2017<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 6,815 | 6,227 |
| Liúntas i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 20 | 21 |
| Ragobair agus freastal breise | 13 | 11 |
| ÁSPC an Fhostóra | 479 | 416 |
| **Pá iomlán** | **7,327** | **6,675** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde 2018 | An íocaíocht aonair is airde 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 3 | 1 | 10,913 | 11,573 |
| Ragobair agus freastal breise | 15 | — | 4,576 | 4,198 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 2 | — | 9,269 | 8,891 |

### 5.4 Ró-íocaíochtaí tuarastail

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €59 (beirt dhuine aonair) (2017: €10,641, 13 dhuine aonair). Tá plean aisghabhála i bhfeidhm I leith €23 (duine aonair).

Ina theannta sin, bhí 18 bplean aisghabhála ró-íocaíochta i bhfeidhm, i leith 15 duine aonair, ar luach €9,027 a aistríodh chuig Oifig an Ombudsman san bhliain.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Aisghabháil costas dlí

Dámhadh costais i bhfabhar an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i dtaca leis an gcosaint rathúil i gcás athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscain iar-chomhairleoir contae in aghaidh an Choimisiúin maidir le himscrúdú a bhí á dhéanamh. Comhaontaíodh suim €153,144 ag an Máistir Fómhais ina leith sin. Tá iarrachtaí á ndéanamh na costais sin a aisghabháil.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dhlíthiúla arna n-íoc ag an Oifig an Ombudsman** | **Costais dhlíthiúla a dámhadh** | **Cúiteamh a dámhadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh a rinne baill den phobal maidir le** | | | | | | |
| *Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí* | 1 | 20 | 47 | — | 67 | — |
| *Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil* | 1 | — | 100 | — | 100 | — |
| *An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí* | 1 | 31 | 21 | — | 52 | — |
| | | 51 | 168 | — | 219 | — |